Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# Nuachóiriú a dhéanamh ar Riaradh Cánach Breisluacha:

# Comhairliúchán Poiblí maidir le Tuairisciú Digiteach Fíor-ama agus Ríomhshonrascadh

**13 Deireadh Fómhair 2023**

**Ríomhphost:** vatmodernisation@revenue.ie

**Suíomh idirlín:** www.revenue.ie

# Clár na nÁbhar

Clár na nÁbhar ........................................................................................................................ 2
1. Forléargas: Cén aidhm atá leis an bpróiseas Comhairliúcháin seo? .................................... 3
2. Comhthéacs: An bhfuil ár gCóras Tuairiscithe CBL as dáta? ................................................ 4
3. Cén fáth ar chóir riarachán CBL a nuachóiriú? ..................................................................... 5
4. Tuairisciú CBL Fíor-ama agus Ríomhshonrascadh: cad é agus cén fáth? ............................. 7
5. Cén tionchar a bheidh ag tograí AE ar Thuairisciú CBL? ....................................................... 9
6. Conas a oibreoidh an Próiseas Comhairliúcháin seo? ........................................................ 10
7. Ceisteanna Comhairliúcháin ................................................................................................ 12
Aguisín: Léarscáileanna a léiríonn an t-aistriú i dtreo ríomhShonrascadh agus tuairisciú fíor-ama/digiteach i measc Thíortha an AE. ..................................................................... 13

## 1. Forléargas: Cén aidhm atá leis an bpróiseas Comhairliúcháin seo?

***Fógra - Lá an Bhuiséid***

Ní mór nuachóiriú a dhéanamh ar chóras na hÉireann maidir le riaradh Cánach Breisluacha (CBL); leis an teicneolaíocht dhigiteach, is féidir athdhearadh a dhéanamh ar an gcaoi a riaraimid an cháin chun oibleagáidí comhlíontachta a ailíniú ar bhealach níos dlúithe le gnáthphróisis ghnó, chun costais chomhlíontachta a laghdú agus éifeachtúlachtaí a bhaint amach do ghnóthaí atá comhlíontach ó thaobh cánach de agus ag an am céanna a chur ar chumas na gCoimisinéirí Ioncaim díriú ar chalaois a chomhrac. Mar a d'fhógair an tAire Airgeadais, an tUasal Michael McGrath, TD, ina óráid Bhuiséid ar an 10 Deireadh Fómhair 2023, tá na Coimisinéirí Ioncaim ag tabhairt faoi phróiseas anois chun ionchur cáiníocóirí, gníomhairí, soláthraithe bogearraí, comhlachais ghnó, comhlachtaí ionadaíocha agus páirtithe leasmhara eile a lorg maidir le riarachán CBL a nuachóiriú don todhchaí.

***Comhairliúchán Tosaigh***

Is é an páipéar comhairliúcháin seo an chéad chéim sa phróiseas. Is mian leis na Coimisinéirí Ioncaim plé agus tuairimí a fháil ó phobal CBL na hÉireann faoi na buntáistí, na dúshláin agus na deiseanna a bhainfeadh le nuachóiriú a dhéanamh ar riarachán CBL. I ngach céim den timthriall athraithe seo – maidir le pleanáil, forbairt, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú – beidh ríthábhacht ag baint le ionchur agus taithí ghnó na bpáirtithe leasmhara, ón bhfíorshaol a bhfuil tionchar ag CBL orthu, agus de réir sin, tá sé beartaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim go mbeidh an chomhairliúchán luathchéime seo ina thúsphointe le hahgaidh sraith rannpháirtíochtaí nuachóirithe CBL sna blianta amach romhainn. Tá tuilleadh comhairliúcháin agus rannpháirtíocht phoiblí eile le teacht, de réir mar a thagann cruth níos soiléire ar thograí athchóirithe, go ndéantar iad a thástáil, a bheachtú agus a chur i bhfeidhm.

***Tuairisciú Fíor-Ama agus ríomhShonrascadh le haghaidh Trádáil B2B agus B2G***

Breathnaítear sa pháipéar tosaigh seo go háirithe ar an bhféidearthacht maidir le idirbhearta gnólacht le gnólacht (B2B) na hÉireann agus idirbhearta gnólacht le rialtas (B2G) a bhogadh isteach i réimse an tuairiscithe digiteach CBL fíor-ama, le tacaíocht ó sonrascú leictreonach. Le blianta beaga anuas, tá go leor geilleagair fhorbartha ag tabhairt faoi athchóirithe mar seo, rud a chiallaíonn go bhfuil taithí mhaith idirnáisiúnta ar fáil as ar féidir le hÉirinn foghlaim. Ag leibhéal an AE, tá plé ar siúl faoi láthair maidir le tograí an Choimisiún Eorpach maidr le *CBL sa Ré Dhigiteach (ViDA[1])*, agus tá sé beartaithe acu forbairtí comhchosúla a thabhairt isteach i ndáil le hidirbhearta trasteorann idir na Ballstáit.

Déanann an páipéar seo plé ar na coincheapa seo. Breathnaítear ar conas a d'fhéadfadh Ceanglas nua maidir le Tuairisciú Digiteach (DRR) intíre a bheith chun tairbhe don phobal gnó agus a chuirfeadh le héifeachtacht na gCoimisinéirí Ioncaim dá nglacfaí leis, ach tagann sé le dúshláin forfheidhmithe freisin nach mór a thuiscint agus aghaidh a thabhairt orthu. Déantar achoimre ann ar ríomhshonrascadh, a staid reatha sa chóras CBL, agus conas is féidir leis tacú le tuairisciú fíor-ama a thabhairt isteach. Breithníonn sé tograí reatha an AE, dírithe go háirithe ar thrádáil trasteorann a éascú, a mbeidh tionchar acu ar chur chuige na hÉireann anseo.

---

[1] D'fhoilsigh Coimisiún an AE an togra ViDA, lena n-áirítear dréacht-Treoir agus dhá dhréacht-Rialachán, ar an 8 Nollaig 2022. Tá breac-chuntas ar an togra agus naisc chuig an dréachtreachtaíocht ar fáil ag https://taxation-customs.ec.europa.eu/taxation-1/value-added-tax-vat/vat-digital-age_en

***Comhairliúcháin amach anseo***

Díríonn an chéim chomhairliúcháin seo ar thuairisciú B2B agus B2G. Ní bhreathnaítear ar idrbhearta B2C. Tá roinnt nithe eile freisin nach mbreathnaítear orthu, amhail an cur chuige i leith íocaíochtaí/aisíocaíochtaí CBL agus cuntasaíocht le haghaidh CBL. Beidh na hábhair plé sin i measc na n-ábhar a chlúdófar i gcomhairliúcháin bhreise amach anseo.

***Cuireadh chun do Thuairimí a Roinnt***

Is ionann an comhairliúchán poiblí tosaigh seo agus tús atá á chur ag na Coimisinéirí Ioncaim le gluaiseacht Nuachóirithe CBL i dtreo tuairisciú fíor-ama le tacaíocht ó ríomhshonrascadh. Tugann an comhairliúchán seo cuireadh do réimse leathan daoine a gcuid tuairimí agus tuiscintí a roinnt.

Tá na Coimisinéirí Ioncaim tiomanta do phróiseas deartha oscailte agus trédhearcach agus ba mhaith linn do thuairimí, do mholtaí agus aon ábhar imní a d'fhéadfadh a bheith agat a chloisteáil, agus muid ag pleanáil athchóiriú a dhéanamh ar chur chuige tuairiscithe agus sonrascaithe CBL na hÉireann. Tapaigh an deis seo chun do fhreagra a thabhairt dúinn ar na ceisteanna comhairliúcháin; tá an nasc chuig na ceisteanna san áireamh i gCuid 7 den pháipéar seo nó de mhalairt air sin féadtar teacht go díreach ar an nasc ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim.

## 2. Comhthéacs: An bhfuil ár gCóras Tuairiscithe CBL as dáta?

***Cúlra an Tuairiscithe Reatha***

Tugadh CBL isteach in Éirinn ar an 1 Samhain 1972 mar chuid d'iontráil na hÉireann i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa ag an am, ag teacht in ionad na Cánach Mórdhíola agus na Cánach Láimhdeachais reatha. Bhí an riarachán CBL seo nuálach ag an am, agus bhí sé ar cheann de na chéad chánacha lena raibh féinmheasúnú bainteach leis. Cé go bhfuil athruithe éagsúla déanta againn ar an gcóras CBL le 50 bliain anuas, tuairiscíonn gnólachtaí a CBL ar an mbealach céanna den chuid is mó – tuairisceán achomair tréimhsiúil (gach dhá mhí de ghnáth) ar CBL a thíolacadh i ndáil le díolacháin agus ceannacháin chomhiomlána, arna fhorlíonadh le faisnéis bhreise áirithe, amhail tuairisceáin sonraí ar idirbhearta laistigh den Chomhphobal.

Soláthraíonn gnólachtaí atá cláraithe le haghaidh CBL in Éirinn earraí agus seirbhísí, cibé acu trí mhodhanna traidisiúnta nó ar líne, do raon custaiméirí: gnólachtaí eile atá cláraithe le haghaidh CBL (ar a dtugtar gnólacht le gnólacht, nó B2B), an Rialtas agus Comhlachtaí Poiblí (gnólacht le rialtas, nó B2G), agus tomhaltóirí príobháideacha agus daoine eile nach bhfuil cláraithe le haghaidh CBL (gnólacht le tomhaltóir, B2C). Is féidir le custaiméirí a bheith in Éirinn, i mBallstát eile den AE, nó i dtríú tír.

Ag brath ar phróifíl gnó, go háirithe scála a láimhdeachais, tá oibleagáidí tuairiscithe CBL éigeantacha éagsúla i bhfeidhm. Chun cloí lenár gcóras tuairiscithe CBL reatha, ní mór do ghnó dornán figiúirí comhiomlána a ghiniúint agus a thíolacadh ag eatramh socraithe cúpla uair gach bliain. Is é seo an bonn ar a bhfuil an córas cánach ag súil go ndéanfaidh gnó cur síos ar a rannpháirtíocht iomlán maidir le idirbhearta a bhaineann le CBL sna míonna roimhe sin, agus trína n-aithníonn an gnó go foirmiúil an suim chomhardaithe CBL atá dlite le híoc nó atá dlite dó. Go bunúsach, léiríonn próiseas tuairiscithe CBL an lae inniu an teicneolaíocht a bhí ar fáil ag an am sna blianta a chuaigh thart. Tá an próiseas reatha tar éis freastal go maith ar an gcuspóir a leagadh síos, ach an bhfuil cur chuige níos fearr ann anois don todhchaí?

***Timpeallacht Teicneolaíochta Athraithe***

I saol gnó an lae inniu, tá úsáid na teicneolaíochta nua-aoisí uileláithreach anois. Smaoinigh ar na córais leictreonacha ar a mbraitheann go leor gnólachtaí dá n-idirbhearta tráchtála agus dá gcórais bhainistíochta fiontair, a úsáideann trádálaithe móra agus beaga chun a gcuntais, díolacháin, ceannacháin, rialú stoic, áirithintí custaiméirí, uainchlárú foirne, a éascú, a rianú agus a thaifeadadh. Tá an ceannach isteach earnála atá á dhéanamh ag gnóthaí i leith bogearraí chun idirbhearta gnó a chumasú agus a thaifeadadh tar éis teacht ar aghaidh níos mó fós ó thús na paindéime. Tá líon na n-idirbhearta a dhéanann gnólachtaí, micrifhiontair de chuid is mó, a thaifeadadh de láimh in iris nó ar scarbhileog bhunúsach ag titim go leanúnach.

I gcás formhór na ngnólachtaí atá cláraithe le haghaidh CBL, le himeacht ama, tá neamhréireanna soiléire agus méadaitheach tagtha chun cinn idir acmhainn sonraí fíor-ama, ardcháilíochta na dteicneolaíochtaí tacaíochta digití sin a úsáideann gnólachtaí go coitianta agus nádúr bunúscach an tuairiscithe CBL post hoc a cheanglaítear orthu a dhéanamh.

Geilleagair fhorbartha, le cánacha de chineál CBL, a bhfuil tionscnaimh éagsúla déanta acu chun a gcur chuige maidir le tuairisciú CBL intíre a nuachóiriú agus a neartú ar fud thrádáil B2B agus B2C. Tá tiomantas le haghaidh nuachóiriú den sórt sin i gcroílár na dtograí reatha ó Choimisiún an AE chun an tírdhreach comhlíontachta CBL maidir le trádáil trasteorann B2B laistigh den Aontas a chomhoiriúnú agus a fheabhsú, agus chun na socruithe éagsúla maidir le tuairisciú CBL ar idirbhearta intíre sna Ballstáit a chomhchuibhiú – féach Rannán 5 thíos.

Go hachomair, tá córais bhainistíochta gnó agus ár gcur chuige maidir le tuairisciú CBL tar éis titim as alt lena chéile. D'fhéadfadh claochlú digiteach ar thuairisciú CBL an t-athailíniú a bheadh chun tairbhe do cháiníocóirí agus don chóras cánach araon a sholáthar, trí chur chuige a chruthú i leith riarachán CBL a léiríonn réaltacht na timpeallachta tráchtála nua-aimseartha.

## 3. Cén fáth ar chóir riarachán CBL a nuachóiriú?

***Tacú le Comhlíontacht***

Tá nuachóiriú agus nuálaíocht leanúnach á dhéanamh ar riarachán cánach in Éirinn le blianta fada anuas. An sprioc a bhí lenár nuachóiriú cánach go dtí seo, ná chun comhlíontacht a éascúí do cháiníocóirí, is amhlaidh is mó a bheidh cumas na gCoimisinéirí Ioncaim an córas cánach a riar go héifeachtach agus go héifeachtúil agus tacú leis an ngeilleagar. Is éard atá i gceist lenár bhfís do riarachán cánach amach anseo ná chun leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus dul chun cinn a dhéanamh maidir le bainistiú sonraí. Tá sé seo ag teacht le tacaíocht na hÉireann do na prionsabail atá leagtha amach i ráiteas dea-chleachtais an ECFE, *Tax Administration 3.0: The Digital Transformation of Tax Administrations*[2] a mholann cur chuige sonraíbhunaithe agus fíor-ama maidir le comhlíontacht chánach leis an gcur isteach is lú ar shaol an ghnó.

Bunaithe ar an taithí atá againn ar bheith ag obair go rathúil leis an earnáil ghnó chun an córas tuairiscithe ÍMAT a athchóiriú tríd an tionscadal Nua-Aoisiú ÍMAT (PMOD), tá na Coimisinéirí Ioncaim ag breathnú ar an bhféidearthacht go bhféadfaí córas tuairiscithe CBL nuachóirithe a chur ar fáil do cháiníocóirí agus don riarachán cánach trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht, éifeachtacht agus áisiúlacht maidir le cconas a oibríonn CBL.

Go hidirnáisiúnta, tá Údaráis Chánach ag glacadh níos mó agus níos mó le hathchóirithe ar thuairisciú CBL trí dhigitiú méadaithe, tuairisciú fíor-ama, agus forbairtí nuachóirithe eile amhail

---

[2] Treoir dea-chleachtais an ECFE, *Tax Administration 3.0: Tá an Digital Transformation of Tax Administration* ar fáil ag https://www.oecd.org/tax/forum-on-tax-administration/publications-and-products/tax-administration-3-0-the-digital-transformation-of-tax-administration.htm

ríomhshonrascadh. Cuireann athchóirithe den sórt sin ar chumas gnólachtaí dul ar aghaidh leis an obair a bhaineann le gnó a dhéanamh agus ag an am céanna a chinntiú go sreabhann tuairisciú CBL gan uaim ó na gnáthphróisis ghnó de réir mar a thagann dliteanais CBL chun cinn.

Leanann na Coimisinéirí Ioncaim le riarachán cánacha a nuachóiriú agus córais fíor-ama a ghlacadh nuair is féidir agus nuair atá sé úsáideach – treoir a thacaigh tuarascáil an Choimisiúin Cánachais agus Leasa leis le déanaí.[3] Mar chuid dár gcur chuige agus muid coinsiasach de chreat tuairiscithe fíor-ama agus ríomhshonrasctha an AE atá ag teacht chun cinn, tá sé mar aidhm againn é a dhéanamh níos éasca do ghnólachtaí a n-oibleagáidí CBL a chomhlíonadh. Ba cheart go mbeadh comhlíontacht áisiúil, éifeachtúil agus íoslaghdaithe do ghnóthaí ó thaobh na n-athruithe céim ar chéim a bhíonn i gceist chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, nuair is féidir. Baineann múnlaí cánachais nádúrtha, a dhéanann neadú ar chánachas i ngnáthphróisis ghnó agus i ngníomhaíocht eacnamaíoch, é sin amach trí oibleagáidí tuairiscithe cánach iar-idirbhirt a laghdú nó fáil réidh leo.

### ***Deiseanna a Chruthaítear le Digitiú***

Déanfaidh clár comhoibríoch, nuálach agus digiteach de nuachóiriú tuairiscithe CBL intíre leas a bhaint as forbairtí sa digitiú, agus i dteicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide, chun córas tuairiscithe CBL a sholáthar a fhágann go bhfuil sé éasca do ghnólachtaí an méid ceart CBL a thuairisciú ag an am ceart. Cuirfidh sé ar chumas na gCoimisinéirí Ioncaim freagairt go tapa agus go héifeachtach do neamhréireachtaí i sonraí tuairiscithe ag gnólachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar earráid nó easnamh neamhurchóideach.

Go hidirnáisiúnta, tá ár gcóras ÍMAT nuachóirithe ina cheannródaí tosaigh i measc claochluithe digiteacha i riarachán cánach – chuir sé le cur chuige seanbhunaithe na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le teicneolaíocht agus anailísíocht a úsáid chun próisis riaracháin cánach a shimpliú, rud a chuireann le clú agus cáil na hÉireann mar áit ina bhfuil sé sách éasca cánacha a íoc agus a thíolacadh. Anois, is tosaíocht é do na Coimisinéirí Ioncaim clár dea-dheartha agus céimnithe cuí de Nua-Aoisiú CBL a chur ar bun chun éascaíocht agus áisiúlacht i leith comhlíontacht cánach do ghnóthaí a fheabhsú tuilleadh. Dá bhrí sin, tá an comhairliúchán seo ag léiriú clár nuachóirithe CBL, ag tosú leis na ceanglais maidir le tuairisciú digiteach (DRR) maidir le hidirbhearta intíre B2B agus B2G a fhaigheann tacaíocht ó ríomhshonrascadh.

Luíonn sé seo le spiorad *"An Chreata Éire Dhigiteach"*, straitéis a bhfuil sé mar aidhm aici Éirinn a chur mar cheannaire digiteach eacnamaíoch idirnáisiúnta.[4] Is éard atá mar aidhm ag an straitéis ná go glacfadh gach gnólacht le teicneolaíochtaí digiteacha, go háirithe FBManna, agus é mar chuspóir tarraingteacht na hÉireann a choinneáil mar áit do phríomhfhiontair dhigiteacha agus tairbhí i leith forbairtí digiteacha don chóras eacnamaíoch níos leithne a uasmhéadú, i ndáil le táirgiúlacht, nuálaíocht agus an iomaíochais. Tá na moltaí sa pháipéar comhairliúcháin seo ag teacht leis na cuspóirí sin.

---

[4] *Foundations for the Future,* Tuarascáil ón gCoimisiún um Chánachas agus Leasa, 2022. Féach go háirithe Caibidil 17, "Modernisation of Tax Administration". Ar fáil ag:
https://www.gov.ie/en/publication/7fbeb-report-of-the-commission/

https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/a0197-leas-a-bhaint-as-digitiu-creat-digiteach-na-heireann/

## 4. Tuairisciú CBL Fíor-ama agus Ríomhshonrascadh: cad é agus cén fáth?

Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag fiosrú maidir le tabhairt isteach riachtanas tuairiscithe CBL do thrádáil intíre B2B agus B2G, le tacaíocht ó ríomhshonrascadh éigeantach le haghaidh idirbhearta den sórt sin. Is éard a bheadh i gceist le córas den sórt sin ná ceanglas ar sholáthraithe agus ar a gcustaiméirí gnó nó Rialtais tuairisc a thabhairt i bhfíor-am maidir le fo-thacar sonraí ríomhshonrasctha.

***Tuairisciú Fíor-ama***

Ní rud iomlán as an nua é do ghnólachtaí tuairisciú leanúnach ar shonraí idirbheartaíochta a dhéanamh chuig a nÚdarás Cánach – tá córais tuairiscithe CBL intíre seanbhunaithe i bhfeidhm ag go leor Údaráis chánach forásach de chuid an AE le roinnt blianta, lena bhfuil idirbhearta B2B agus B2C clúdaithe. Le blianta beaga anuas in Éirinn, tugadh isteach tuairisciú fíor-ama le haghaidh ÍMAT, agus is féidir coigeartuithe a dhéanamh i rith na bliana anois chun roinnt faoiseamh a éileamh i réimse na Cánach Ioncaim.

Ligeann tuairisciú fíor-ama do ghnólachtaí an t-Údarás Cánach a chur ar an eolas maidir lena n-idirbhearta ábhartha de réir mar a tharlaíonn siad. Laghdaíonn córas den sórt sin minicíocht na n-earráidí, na n-íocaíochtaí agus an neamhchomhlíontacht a d'fhéadfadh tarlú nuair nach ndéantar idirbhearta a thuairisciú ach i bhfoirm chomhiomlán, uaireanta seachtainí nó míonna tar éis dóibh tarlú. Laghdaíonn córais tuairiscithe cánach a cheadaíonn ionchur ó chóras cuntasaíochta digiteach gnó, an t-ualach riaracháin a bhaineann le tuairisceáin chánach post hoc a ghiniúint, rud a chumasaíonn sreabhadh slán fíor-ama sonraí go díreach ón ngnó. Le tuairisciú fíor-ama, is féidir earráidí a aithint níos luaithe, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca iad a cheartú agus costais úis agus pionóis do ghnólachtaí dá bharr a sheachaint.

I gcomhthéacs tuairiscithe CBL fíor-ama ina bhfaigheann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí idirbheartaíochta, táthar ag súil go mbeidh sé níos éasca ag cáiníocóirí comhlíontacha a dtuairisceáin CBL a thíolacadh, go mbeidh níos lú ama a chaitheamh acu ag plé le hidirghabhálacha na gCoimisinéirí Ioncaim, agus go ndéanfar a n-iarratais aisíocaíochta a láimhseáil níos tapúla. Cuirfidh sé seo ar a gcumas díriú ar a gcuid oibríochtaí gnó.

D'fhéadfadh tuairisciú CBL fíor-ama cabhrú leis na Coimisinéirí Ioncaim idirbhearta amhrasacha a bhrath go luath agus cabhrú le gníomhaíochtaí calaoiseacha a chosc. Rachadh sé sin chun tairbhe do ghnólachtaí comhlíontacha trí dhíriú ar na gnólachtaí a fheidhmíonn sa scáthgheilleagar agus trí iallach a chur orthu a gcánacha a oibriú i gceart nó deireadh a chur le hoibríochtaí, rud a thabharfadh cothrom na féinne don ghnó comhlíontach.

Léirítear ó thaithí ar fud tíortha a oibríonn córais tuairiscithe CBL fíor-ama idirbheartaíochta, gur féidir leis costais chomhlíontachta a laghdú do ghnólachtaí. I measc na gcostas sin tá an t-am a chaitheann gnólachtaí agus oibrithe da gcuid ag déileáil le hiarratais ón Údarás Cánach ar fhaisnéis agus ar an am a chaitear ag ullmhú d'iniúchtaí – am nach gcaitear ag forbairt agus fás gnó.

***Ríomhshonrascadh***

Is éard is ríomhshonrascadh ann ná malartú leictreonach de dhoiciméid sonraisc idir soláthraí agus ceannaitheoir. Sainmhínítear sonrasc leictreonach sa dlí mar shonrasc a eisítear, a tharchuirtear agus a fhaightear i bhformáid struchtúrtha sonraí a cheadaíonn próiseáil uathoibríoch agus leictreonach a dhéanamh air.[5]

---

[5] Directive 2014/55/EU, e-Invoicing in public procurement in Europe available at - https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32014L0055

Níl coincheap nua é do chóras CBL na hÉireann; ó mhí Aibreáin 2019 i leith, ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí glacadh le sonrasc leictreonach ó sholáthraí má roghnaíonn an soláthraí sin ceann a eisiúint. Go dtí seo, níl aon cheanglas dlíthiúil ar sholáthraithe sonraisc i bhformáid leictreonach a chur faoi bhráid comhlachtaí poiblí, ach éascaíonn an dlí é dóibh siúd a roghnaíonn é sin a dhéanamh, agus tá méid áirithe den sonrascú leictreonach curtha i bhfeidhm ag soláthraithe agus iad i mbun gnó le comhlachtaí poiblí Éireannacha. Le Treoir 2014/55/ an AE, cuirtear d'oibleagáid ar gach comhlacht poiblí glacadh le sonraisc leictreonacha agus iad a phróiseáil i gcomhréir leis an gCaighdeán Eorpach.

Molann Coimisiún an AE go nglacfar leis an gcaighdeán seo maidir le ríomhShonrascadh (EN 16931) chun ríomhShonraisc a eisítear maidir le hidirbhearta laistigh den AE agus moltar go mbeidh feidhm ag an gcaighdeán sin freisin maidir le ríomhshonraisc intíre a eisiúint.

***Trasdul Rathúil a Chinntiú***

Is céimeanna suntasacha iad ríomhshonrascadh éigeantach agus ceanglas tuairiscithe intíre fíor-ama a thabhairt isteach, agus beidh gá le hullmhú agus rannpháirtíocht chúramach ar fud an phobail CBL. Cé go bhfuil na buntáistí a bhaineann le córas riaracháin CBL athchóirithe "faoi lánseol" soiléir, beidh dúshláin ann le bogadh i dtreo na n-athchóirithe sin. Is é sin an fáth go mbeidh próiseas rannpháirtíochta leanúnaí ríthábhachtach: ní mór na dúshláin a aithint, a thuiscint agus a phleanáil go comhoibríoch. D'fhéadfadh sé nach mbeadh gá le cur chuige uilíoch a ghlacadh leis an athrú chuig athchóirithe nua, ós rud é go bhféadfadh cumas, ullmhacht agus dúshláin éagsúla a bheith ann do ghnóthaí lena bhfuil scálaí nó cúinsí difriúla i gceist leo. Ní mór seasamh gnólachtaí beaga agus iad siúd nach bhfuil saoráidí digiteacha acu a thuiscint agus a chur san áireamh le haon dearadh clár.

Tá rannpháirtíocht cleachtóirí cánach agus na ngrúpaí gnó agus ionadaíocha a thacaíonn le cáiníocóirí ríthábhachtach chun pleananna athchóirithe a dhearadh agus a chur i bhfeidhm sa réimse seo. Tá rannpháirtíocht an tionscail bogearraí a sholáthraíonn na huirlisí digiteacha a úsáideann gnólachtaí dá gcuid cuntasaíochta uathoibríoch agus próisis ríomhsonrasctha ríthábhachtach freisin. Cuirfidh sé seo leis an rannpháirtíocht chomhoibritheach leis an Oifig um Sholáthar Rialtais agus le tionscal an sonrascú lecitreonach i leith an ríomhshonrascadh B2G in Éirinn a tháinig i bhfeidhm in 2019. Leanfaidh sé seo ar aghaidh lena chinntiú gur féidir le gnólachtaí beaga agus móra rochtain a fháil ar sheirbhísí agus réitigh mhargaidh, a éascaíonn agus a chumasaíonn comhlíontacht i ndáil leis an athrú atá beartaithe don Treoir um CBL, An Caighdeán Eorpach (EN 16931) agus cur chuige an AE agus an cur chuige náisiúnta maidir le sonrascú leictreonach.

Chun comhleanúnachas a chinntiú agus chun costais chomhlíontachta a íoslaghdú, beidh ar aon chlár tuairiscithe fíor-ama CBL B2B agus B2G intíre agus ar aon chóras ríomhshonrasctha ailíniú go hiomchuí leis na hathruithe a mholtar ar leibhéal an AE le haghaidh idirbhearta laistigh den Chomhphobal.

Is féidir le teicneolaíochtaí digiteacha amhail sonrascú leictreonach gnólachtaí beaga a thabhairt chun cinn go mór, rud a chruthaíonn deiseanna nua nach raibh ar fáil roimhe seo ach do ghnólachtaí móra. Chuir taithí na ngnólachtaí a tháinig slán ón bpaindéim béim ar an dteicneolaíocht dhigiteach chun athléimneacht an earnáil ghnó a neartú. D'fhéadfadh roinnt gnólachtaí breathnú ar an athrú seo i dtreo sonrascú leictreonach mar chostas seachas mar dheis fhadtéarmach. Mar sin féin, is infheistíocht atá ann freisin a d'fhéadfadh éifeachtúlacht agus solúbthacht gnóthaí a fheabhsú, rud a chuidíonn le bheith iomaíoch i ndomhan atá ag athrú i gcónaí, agus atá in ann rochtain a fháil ar dheiseanna trádála ar fud an Mhargaidh Aonair agus leas a bhaint astu.

## 5. Cén tionchar a bheidh ag tograí AE ar Thuairisciú CBL?

***Cad é ViDA?***

Ar an 8 Nollaig 2022, d'fhoilsigh Coimisiún an AE maidir leis an togra *CBL sa Ré Dhigiteach* (ViDA) ina leagtar amach raon beart a fháiltíonn roimh digitiú d'fhonn dhá aidhm a bhaint amach, riarachán CBL a dhéanamh níos fearr do ghnólachtaí agus a bheith níos athléimní i leith na calaoise.[6] Tá an togra ag dul tríd an ngnáthphróiseas plé agus caibidlíochta de chuid Chomhairle an AE faoi láthair agus, beidh tionchar ag an leagan deiridh comhaontaithe a thiocfas isteach sa dlí ar an gcaoi a ndéantar riaradh ar CBL ag leibhéal an AE agus laistigh de na Ballstáit araon.

Is iad seo a leanas trí cholún an togra ViDA:

- Clárúchán CBL Aonair (SVR) – chun an gá atá le clárúcháin iolracha CBL san AE a laghdú do ghnólachtaí a dhéanann idirbhearta sna Ballstáit nach bhfuil siad bunaithe iontu;
- Geilleagar na nArdán – athruithe a thabhairt isteach ar na rialacha CBL maidir le soláthairtí seirbhísí iompair agus cóiríochta do phaisinéirí i ngeilleagar na n-ardán; agus
- Ceanglais maidir le Tuairisciú Digiteach (DRR) – ríomhshonrascadh éigeantach agus tuairisciú digiteach CBL fíor-ama a thabhairt isteach d'idirbhearta B2B/B2G idir na Ballstáit, agus creat comhchuibhithe a leagan síos do na Ballstáit a oibríonn nó a thugann isteach DRR le haghaidh idirbhearta intíre B2B/B2G.

***Togra ón gCoimisiún maidir le DRR fíor-ama agus ríomhshonrascadh***

Is é an colún DRR den togra ón gCoimisiún atá ábhartha don pháipéar seo. Baineann togra an AE go príomha le riarachán CBL ar idirbhearta idir na Ballstáit. Mar sin féin, le togra an AE ar intinn, beidh ar aon chinntí a dhéanfaidh Éirinn maidir le tabhairt isteach córas tuairiscithe fíor-ama B2B agus B2G intíre a bheith comhoiriúnaithe le beart an AE.

Molann an Coimisiún cur chuige nua a chur in áit an Chórais Malartaithe Faisnéise CBL (VIES), atá i bhfeidhm ó 1993 i leith maidir le idirbhearta laistigh den Chomhphobal a thuairisciú. Ina ionad sin, i gcás trádáil B2B agus B2G idir na Ballstáit, ceanglófar ar an soláthraí agus ar an gcustaiméir gnó araon sonraí sonraisc CBL áirithe faoin idirbheart chuig a nÚdaráis Náisiúnta Cánach faoi seach laistigh de chúpla lá ó eisiúint an tsonraisc. Cuirfidh gach Údarás Cánach Náisiúnta na sonraí ar aghaidh ansin laistigh de lá oibre eile.

Chun tacú leis an gcóras tuairiscithe seo, is é sonrascú leictreonach an córas réamhshocraithe chun sonraisc CBL a eisiúint san AE. Maidir le hidirbhearta B2B agus B2G laistigh den Chomhphobal, beidh ríomhshonrasc éigeantach, agus chun éascaíocht trádála idir na Ballstáit a chinntiú, beidh sonraí maidir lena struchtúr, a n-ábhar sonraí agus a n-amlíne eisiúna leagtha amach i ndlí an AE.

Cé go bhfuil téacs deiridh na Treorach fós le comhaontú, tacaíonn Éirinn leis an togra agus an sprioc atá i gceist. Leis na tograí seo ón gCoimisiún Eorpach, déanfar nuachóiriú ar thírdhreach CBL an AE do ghnólachtaí trádála idirnáisiúnta; trí cheanglais chomhlíontachta CBL trasteorann a chuíchóiriú

---

[6] D'fhoilsigh Coimisiún an AE an togra ViDA, lena n-áirítear dréacht-Treoir agus dhá dhréacht-Rialachán, ar an 8 Nollaig 2022. Tá breac-chuntas ar an togra agus naisc chuig an dréachtreachtaíocht ar fáil ag https://taxation-customs.ec.europa.eu/taxation-1/value-added-tax-vat/vat-digital-age_en

agus a dhigitiú, laghdóidh siad costais chomhlíontachta gnó, agus cumasóidh siad riarachán cánach níos éifeachtaí ag an am céanna, go háirithe maidir le calaois a chomhrac.

***An Tionchar a bheidh ag Tograí an AE***

A luaithe is a chomhaontófar tograí ViDA agus a thiocfaidh siad i bhfeidhm, beidh feidhm acu maidir le tuairisciú digiteach fíor-ama agus ríomhshonrascadh gach gnó a bhíonn i mbun trádáil idir na Ballstáit san AE, is cuma cé chomh minic, nó méid an trádáil. Ciallaíonn sé seo go mbeidh dualgas ar gach gnólacht a sholáthraíonn do chustaiméir gnó nó rialtais i mBallstát eile AE ríomhShonrasc a eisiúint, agus fothacar de na sonraí ón ríomhShonrasc sin a thuairisciú go digiteach do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de dhá lá tar éis é a eisiúint. Ar an gcaoi chéanna, ceanglófar ar ghnó atá cláraithe le haghaidh CBL a cheannaíonn ó ghnó atá cláraithe le haghaidh CBL i mBallstát eile, fothacar de na sonraí ón ríomhshonrasc ceannaigh a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh den tréimhse chéanna. Mar chúiteamh air sin, ní cheanglófar ar ghnólachtaí tuairisceáin mhíosúla nó ráithiúla VIES a ghiniúint agus a thíolacadh a thuilleadh, rud a chuirfidh deireadh leis an oibleagáid tuairiscithe reatha seo.

## 6. Conas a oibreoidh an Próiseas Comhairliúcháin seo?

***Cuireadh chun Tuairimí a Roinnt***

Is é fócas an chomhairliúcháin tosaigh seo ná an t-athchóiriú ar thuairisciú CBL B2B agus B2G, le tacaíocht ó sonrascú leictreonach. Tá suim ag na Coimisinéirí Ioncaim i dtuairimí gnóthaí, soláthraithe bogearraí cuntasaíochta, soláthraithe ríomh-sonraiscithe, cleachtóirí cánach, gnóthaí cuntasaíochta, coimeádaithe leabhar, comhlachtaí ionadaíocha gnó agus tionscail, agus páirtithe leasmhara eile maidir le córas nua Tuairiscithe CBL fíor-ama digiteach a fhorbairt i gcomhar le ríomh-Sonrascú éigeantach.

Is mian linn córas réamhsmaointeoireachta a fhorbairt a oibríonn go héifeachtach do do ghnó, do chliaint, nó do na gnóthaí a ndéanann tú ionadaíocht orthu, is cuma cé chomh beag nó mór, agus go gcuireann sé ar ár gcumas CBL a riaradh ar bhealach níos éifeachtaí. Is mian linn do thuairimí a thuiscint agus a mheas maidir leis na dúshláin a shamhlaíonn tú sa togra chun tuairisciú fíor-ama B2B agus B2G a ghlacadh le tacaíocht ó ríomh-Sonraisciú.

Lorgaítear agus spreagtar do thuairimí ar roinnt ceisteanna atá leagtha amach sa nasc i gCuid 7. Ní ceisteanna uileghabhálacha iad na ceisteanna seo, áfach, agus cuirtear fáilte roimh thuairimí faoi aon téamaí ábhartha a mheasann tú a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an bplé comhoibríoch. Bheadh sé cabhrach na cúiseanna atá leis na tuairimí a cuireadh in iúl a leagan amach, agus aon fhianaise atá ar fáil a chur ar fáil a mheasann tú a bheith ábhartha.

***Tréimhse Chomhairliúcháin***

Beidh an próiseas comhairliúcháin phoiblí seo ar siúl ón 13 Deireadh Fómhair 2023 go dtí an 12 Eanáir 2024.

***Cén chaoi le do Thuairimí a thíolacadh***

Féadtar tuairimí ar na Ceisteanna Comhairliúcháin a thabhairt ar líne i gCuid A agus i gCuid B trí chliceáil ar an nasc seo.

I gcás páirtithe leasmhara ar mian leo tuairimí a sheoladh trí ríomhphost, féadtar é sin a dhéanamh ag:

vatmodernisation@revenue.ie

De rogha air sin, féadtar freagra a thíolacadh tríd an bpost chuig:

An Brainse Nua-Aoisithe CBL,
An Rannóg Beartais & Reachtaíochta Cánacha Indíreacha,
Na Coimisinéirí Ioncaim,
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2.
D02 HW86

Cuir do shonraí teagmhála san áireamh má tá tú ag freagairt tríd an bpost.

Agus tú ag freagairt, tabhair le fios le do thoil an bhfuil tú ag cur leis an bpróiseas comhairliúcháin mar cháiníocóir, mar chomhairleoir cánach gairmiúil, mar chuntasóir/mar choimeádaí leabhar, mar sholáthraí bogearraí cuntasaíochta nó mar sholáthraí ríomh-Sonraisc, mar chomhlacht ionadaíoch, mar ghrúpa gnó, i gcáil aonair, mar eagraíocht neamhrialtasach, nó in aon cháil eile.

***Fógraí***

Tá freagraí ar na ceisteanna comhairliúcháin a chuirtear i láthair i gCuid A den chomhairliúchán seo faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 (SF), na Rialachán um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol 2007-2018 (AIE) agus an Achta um Chosaint Sonraí 2018.

Foilseofar ábhar na dtíolacthaí go léir a fhaightear mar fhreagra ar na ceisteanna comhairliúcháin ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim. Déanfar na sonraí pearsanta go léir a chur i bhfolach sula bhfoilseofar iad.

Is mian linn d'aird a tharraingt ar an bhFógra maidir le Príobháideachas Sonraí ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ina mínítear cén chaoi agus cén uair a dhéanann muid sonraí pearsanta a bhailiú, cén fáth a ndéanaimid amhlaidh agus cén chaoi a chaithimid leis an bhfaisnéis seo. Mínítear ann freisin do chearta maidir le bailiú faisnéise pearsanta agus cén chaoi go bhféadtar na cearta sin a fheidhmiú. Agus iad ag freagairt do cheisteanna ginearálta an chomhairliúcháin, ba chóir do pháirtithe a chur in iúl go soiléir cá bhfuil faisnéis phearsanta, faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de nó faisnéis rúnda nach mian leo a scaoileadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, AIE nó nach bhfoilseofaí ar shlí eile í.

***Cruinnithe le Geallsealbhóirí***

Aithníonn na Coimisinéirí Ioncaim gur gnéithe ríthábhachtacha iad rannpháirtíocht agus cumarsáid geallsealbhóra den tionscadal nua-aoisithe um Thuairisciú CBL atá beartaithe.

Is é seo an chéad cheann de roinnt coinní comhairliúcháin. Seachas an próiseas comhairliúcháin phoiblí tosaigh seo, leanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim de bheith ag plé go díreach le gnóthaí agus le comhlachtaí ionadaíocha ábhartha ar an gClár Nua-Aoisithe CBL a fhaigheann tacaíocht ó ríomhShonrascadh, go háirithe ós rud é go bhfuil na socruithe mionsonraithe atá mar bhonn agus mar thaca ag Nua-Aoisiú CBL á bhforbairt. Treoróidh na freagraí agus an plé a thiocfaidh as sin leis na geallsealbhóirí go léir gnéithe áirithe dearaidh agus cur chun feidhme gnéithe dár n-athchóirithe.

Dá bhrí sin, táimid ag cur fáilte roimh gheallsealbhóirí ó réimse leathan disciplíní chun freagra a thabhairt ar an gcomhairliúchán seo amhail gnóthaí móra agus beaga, forbróirí bogearraí

cuntasaíochta, soláthraithe réitigh ríomh-Sonraisc, comhlachtaí cánachais agus cuntasaíochta, comhlachtaí ionadaíocha agus ranna Rialtais ábhartha. Tar éis an tionscnaimh chomhairliúcháin tosaigh seo, féadfaimid cuireadh a thabhairt do gheallsealbhóirí bualadh linn.

***Céimeanna a leanann an Próiseas Comhairliúcháin seo***

Go gairid ina dhiaidh sin, agus an próiseas comhairliúcháin phoiblí tosaigh seo ag dul in éag, foilseoimid Tuarascáil ina ndéanfar achoimre ar na freagraí go léir ar na ceisteanna comhairliúcháin atá leagtha amach i gcuid A.

Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin leanúnach, tá sé i gceist ag na Coimisinéirí Ioncaim tabhairt faoi rannpháirtíochtaí éagsúla le geallsealbhóirí chun plean a chruthú a dhíríonn ar dtús ar na hearnálacha B2B agus B2G chun struchtúr nua-aoisithe um Thuairisciú CBL a chur i bhfeidhm go comhoibríoch le tacaíocht ó ríomh-Sonraisciú a oibríonn do ghnóthaí agus do Údarás Cánach na hÉireann araon. Is mian linn dul i dteagmháil agus oibriú leis na rannpháirtithe go léir a bhféadfadh tionchar a bheith acu orthu agus leo siúd ar féidir leo tacú le cur i bhfeidhm na n-athchóirithe nua maidir le Tuairisciú CBL. Leanfaidh an próiseas comhairliúcháin de bheith ag forbairt i bhfianaise rannpháirtíochta leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir.

Ag leibhéal an AE, leanfaidh an Roinn Airgeadais agus na Coimisinéirí Ioncaim de bheith rannpháirteach agus rannpháirteach go gníomhach i gComhairle an AE chun a chinntiú go bhféadtar creat reachtach oiriúnach a ghlacadh a luaithe is féidir. Leanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh ag plé le comhlachtaí ionadaíocha agus gnóthaí ábhartha maidir le dul chun cinn an phlé ag leibhéal Chomhairle an AE a bhaineann leis na hathruithe atá beartaithe maidir le ríomh-Sonraisciú agus tuairisciú idirbheartaíochta laistigh den AE, agus maidir le forbairt Chlár Nua-Aoisithe um Thuairisciú CBL intíre na hÉireann féin.

Tá na hathchóirithe seo uaillmhianach agus beidh athrú fiúntach i gceist leo. Sin an fáth go bhfuilimid ag dul i gcomhairle go forleathan agus d'fhéadfaí na leasuithe a thabhairt isteach de réir a chéile. Trí dhul i gcomhairle le geallsealbhóirí agus trí dhul i dteagmháil leo, féadann Éire na hathchóirithe tuairiscithe agus ríomhShonraiscithe intíre a chur ina gceart agus a chinntiú go soláthraíonn córas athchóirithe Tuairiscithe & ríomhShonraiscithe sochair do chách.

## 7. Ceisteanna Comhairliúcháin

Féadtar teacht ar na Ceisteanna Comhairliúcháin anseo nó go díreach ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim.


## Aguisín: Léarscáileanna a léiríonn an t-aistriú i dtreo ríomhShonrascadh agus tuairisciú fíor-ama/digiteach i measc Thíortha an AE.

### *Tuairisciú Cánach Breisluacha san AE*

**Tuairisciú Fíor-ama/Tuairisc Tréimhsiúil CBL i leith Idirbhearta:**
**An Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Chróit, an Eastóin, an Ghréig, an Ungáir, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic agus an Spáinn.**

**Tuairisciú CBL ar iarratas nó i gcúinsí teoranta:**
**An Ostair, an Fhrainc, Lucsamburg agus an tSlóivéin.**

**Níl Riachtanais tuairiscithe CBL i bhfeidhm:**
**Éire, an Chipir, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Ísiltír, Málta agus an tSualainn.**



### *Forbairtí ríomhShonraiscthe san AE*

**Ríomhshonrascadh Éigeantach B2G & B2B:**
**An Iodáil agus an Rómáin** (B2B san earnáil Ardriosca).

**RíomhShonrascadh Éigeantach nó ag bogadh i dtreo ríomhShonrascadh éigeantach/saorálach B2B/B2G: An Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Laitvia agus an Pholainn, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an Spáinn, an tSualainn.**

**ríomhShonrascadh Éigeantach B2G:**
**An Ostair** (roinnt)**, an Chróit, an tSeicia, an Eastóin, an Ungáir, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ísiltír agus an Phortaingéil.**

**Níl ríomhShonrascadh Éigeantach B2G i bhfeidhm agus níl tús curtha leo ríomhShonrascadh B2B a chur i bhfeidhm: An Chipir, Éire, Málta agus an Ghréig ag tabhairt B2G isteach ar bhonn céimnithe faoi láthair.**

